Trōcaire
Ag obair ar son na córa ar domhan.

# Athrú Aeráide
# Cóir Aeráide

Éagóir Aeráide:
Le chéile tiocfaimís ar fhuascailt na faidhbe
**Bígí linn**







Pacáiste Acmhainne Oideachais do
**Bhunscoileanna**

REF: E5


# Clár


| | |
|---|---|
| Cur i bhfeidhm na hacmhainne seo | 1 |
| Naisc Curaclaim | 2 |
| Luachanna Timpeallachta | 4 |
| Eolas don Mhúinteoir | 4 |
| Gníomhaíochtaí Ranga | 4 - 5 |
| Cad is Athrú Aeráide ann? | 6 |
| Eolas don Mhúinteoir | 6 |
| Gníomhaíochtaí Ranga | 7 - 9 |
| Cad is Cóir Aeráide ann? | 10 |
| Eolas don Mhúinteoir | 10 - 12 |
| Gníomhaíochtaí Ranga | 13 - 15 |
| Bí i do Laoch ar son na Córa Aeráide | 16 |
| Eolas don Mhúinteoir | 16 |
| Gníomhaíochtaí Ranga | 17 - 20 |

# Ag baint feidhme as an acmhainn seo

Leagtar ábhar na hacmhainne seo amach ina gceithre théama:

1. Luachanna Timpeallachta
2. Athrú Aeráide
3. Cóir Aeráide
4. Bí i do laoch ar son na córa aeráide!




## Pleanáil Mhúinteoireachta

I gcás gach téama, tugtar eolas ard-leibhéal chun cabhrú le foghlaim an mhúinteora. Ba cheart an t-eolas sin a léamh sula dtéitear i ngleic leis an acmhainn seo leis an rang. Dírítear aird an mhúinteora ar naisc curaclaim agus ar mholtaí maidir le comhtháthú agus tacóidh na gníomhaíochtaí le pleanáil ranga. Ba cheart tosnú leis an gcéad téama agus oibriú tríd an acmhainn, le gach téama ag tógaint ar an gceann roimhe agus ag cur le foghlaim na ndaltaí.

## Diancheistiú chriticiúil

Tabharfaidh na gníomhaíochtaí ranga agus na modhanna múinte deis do dhaltaí iniúchadh agus cíoradh a dhéanamh ar cheist an athrú aeráide tríd an bhfoghlaim gníomhach. Ba cheart go leanfadh plé ranga cur chuige atá cóir-lárnaithe, ag plé le ceisteanna mar seo a leanas:

**Cé aige a bhfuil an chumhacht anseo? Cé aige nach bhfuil aon chumhacht? Cé atá freagrach as cúrsaí a bheith mar seo? Cé atá thíos leis dá bharr? Cé atá ag fulaingt? Cé a bhaineann buntáiste as? An bhfuil sé seo ceart nó cóir? Conas stop a chur leis an éagóir seo? Cé aige a bhfuil an chumhacht an scéal a athrú?**

An cheist is tábhachtaí le cur ar na daltaí agus iad ag cíoradh na dtéamaí seo ná cén fáth (an scéal a bheith mar atá)? Tá sé tábhachtach gan glacadh leis an gcéad fhreagra ar an gceist seo mar seans nach n-aithnítear ann príomhchúis na faidhbe.

## Gníomhaíochtaí

I gcás gach téama, moltar gníomhaíochtaí a bheadh oiriúnach do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí/ Eochairghrád 1 agus do dhaltaí na Sraithe Sinsearaí/ Eochairghrád 2.

## Siombailí a úsáidtear tríd an acmhainn



Díríonn an siombal seo aird na múinteoirí ar shuíomh idirlíne Trócaire, www.trocaire.org/education/lent2015 áit a bhfaighidh siad raidhse ábhar breise tacaíochta le húsáid lena gcuid daltaí.



Úsáidtear an siombal seo le béim a leagadh ar smaointe d'iontrálacha don Chomórtas Domhan Níos Fearr. Comórtas é seo a aithníonn an dea-obair a dhéanann na daltaí agus iad ag plé le gníomhaíochtaí na hacmhainne seo.



Fíric fiúntach faoi athrú aeráide..

# Naisc Curaclaim

## Naisc le Curaclam na Bunscoile, Poblacht na hÉireann

| Ábhar | Snáth | Snáthaonad |
|---|---|---|
| Béarla | Ag forbairt cumais agus muiníne in úsáid na teanga<br>Ag forbairt cumais chognaíocha trí úsáid na teanga<br>Gabháil na teanga<br>Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch tríd an teanga<br>Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch tríd an teanga | Labhairt<br>Léamh<br>Labhairt<br>Léamh<br>Labhairt<br>Scríobh |
| Gaeilge | Labhairt | Éadaí<br>an Aimsir |
| Mata | Cruth agus Spás<br>Sonraí | Cruthanna 2D<br>Ag aithint agus ag baint céille as sonraí |
| Stair | Athrú agus leanúnachas | Athrú agus leanúnachas sa timpeallacht áitiúil |
| Tíreolaíocht | Timpeallachtaí Nádúrtha<br>Timpeallachtaí Daonna<br>Feasacht agus cúram timpeallachta | An timpeallacht nádúrtha thart orm<br>An aimsir<br>An domhan agus an spás<br>Daoine agus áiteanna i gceantair eile<br>Ag tabhairt aire do mo thimpeallacht áitiúil |
| Eolaíocht | Duile Beo<br>Feasacht agus cúram timpeallachta | Plandaí agus ainmhithe<br>Eolaíocht agus an timpeallacht<br>Feasacht timpeallachta |
| OSSP | Mise agus an domhan mór<br>Mé féin | Ag forbairt saoránachta<br>Ag tabhairt aire do mo chorp |
| Ceol | Ag éisteacht agus ag freagairt | Ag déanamh iniúchadh ar fhuaimeanna |
| Ealaín | Péint agus dath | Ag péinteáil |
| Dráma | Drámaiocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú | Drámaíocht a dhéanamh agus a iniúchadh |
| Ag ceangal le "Alive-O" | Alive-O Téarma 1, Ceacht 5 An Domhan sa bhFómhar<br>Alive-O Téarma 1, Ceacht 6 Mise sa bhFómhar<br>Alive-O2 Téarma 1, Ceacht 5 An Fómhar<br>Alive-O2 Téarma 1, Ceacht 6 Dathanna an Fhómhair<br>Alive-O2 Téarma 3, Ceacht 3 Is bronntanas ó Dhia an t-uisce<br>Alive-O3 Téarma 1, Ceacht 11 Íosa – Fáidh<br>Alive-O4 Téarma 1, Ceacht 4 Fréamhaithe sa Spiorad | Alive-O5 Téarma 2, Ceacht 7 Cabhraíonn Grá Dé linn meas a bheith againn ar an domhan<br>Alive-O6 Téarma 1, Ceacht 1 Laistigh den domhan a chruthaigh Dia<br>Alive-O7 Téarma 1, Ceacht 6 Spiorad na Tairngreachta<br>Alive-O8 Téarma 3, Ceacht 5 Cóir na Ríochta<br>Alive-O8 Téarma 3, Ceacht 7 Eiceolaíocht na Ríochta |

## Naisc le Curaclam na Bunscoile, Tuaisceart Éireann

| Ábhar | Snáth | Snáthaonad |
|---|---|---|
| Teanga agus Litearthacht | Caint agus éisteacht<br>Léamh<br>Scríobh | Ag gabháil teanga<br>Ag forbairt cumais agus muiníne in úsáid teanga<br>Ag forbairt cumais chognaíocha tríd an teanga<br>Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch tríd an teanga |
| Mata agus uimhearthacht | Próiséis sa mhata, uimhreacha, tomhais, cruth agus spás, ag plé le sonraí | Cruthanna 2D<br>Ag aithint agus ag baint céille as sonraí |
| An domhan thart orainn (tíreolaíocht, stair, eolaíocht agus duile beo) | Idirspleáchas, áiteanna, gluaiseacht agus fuinneamh, athrú in imeacht aimsire | Idirspleáchas<br>Mise agus an Domhan mór;<br>Plandaí agus ainmhithe ag brath ar a chéile sa timpeallacht nádúrtha;<br>Daoine agus an timpeallacht ag brath ar a chéile;<br>Tionchar an duine daonna ar an timpeallacht nádúrtha in imeacht aimsire;<br>Daoine, plandaí, ainmhithe, áiteanna ag brath ar a chéile.<br>Áiteanna<br>Athrú in áiteanna in imeacht aimsire;<br>Gnéithe de agus difríochtaí idir áiteanna maidir le cúrsaí fisiciúla, cúrsaí daonna, cúrsaí aeráide, fásra agus ainmhithe;<br>Tionchar dearfach agus diúltach imeachtaí nádúrtha agus daonna ar áiteanna in imeacht aimsire.<br>Gluaiseacht agus fuinneamh<br>An chúis agus an éifeacht atá ag fuinneamh, fórsaí agus gluaiseacht;<br>Cúiseanna a chuireann isteach ar ghluaiseacht daoine agus ainmhithe;<br>An tslí a bhfuil an ráta gluaiseachta ag luasghéarú toisc imeachtaí nádúrtha ar nós cogaidh, creathanna talún, gorta agus tuilte.<br>Athrú in imeacht aimsire<br>Na slite a thagann athrú ar an timpeallacht nádúrtha;<br>Athruithe dearfacha agus diúltacha agus na freagrachtaí atá orainn ár gcuid a dhéanamh. |
| Na hEalaíona | Ealaín agus dearadh, ceol, dráma | Ag tarraingt agus ag péinteáil (agus TFC/ ICT á úsáid)<br>Dráma d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar mhothúcháin, ar eolas agus ar smaointe le teacht ar thuiscint nios doimhne. |
| Forbairt phearsanta | Forbairt phearsanta agus sláinte, comhthuiscint sa phobal áitiúil agus i gcoitinne | Mé féin agus mo bhaile<br>Mé féin agus mo scoil<br>Mo thimpeallacht<br>An tslí a mhairimid<br>Ár ndomhan |
| Creideamh | Tuairimí Creidimh, cleachtaí creidimh agus luachanna<br><br>Clár Alive-O | Tuiscint spioradálta: ag braistint uamhain agus iontais don domhan thart orainn.<br><br>Féach lch.2 |

Eolas don Mhúinteoir

# Luachanna Timpeallachta

Tá ár dtimpeallacht thart orainn, nithe nádúrtha, nithe beo, nithe neamhbheo agus nithe saorga. Is annamh a thógaimid an t-am stad agus féachaint ar ár dtimpeallacht agus taitneamh a bhaint as a háilleacht agus as a héagsúlacht. Mar chuid dár dtimpeallacht tá bithóim, éiceachórais agus gnáthóga (habitats).

Is éard atá i gceist le **gnáthóg** ná an áit nádúrtha ina maireann plandaí, ainmhithe agus orgánaigh. Is éard is **éiceachóras** ann ná grúpa de nithe beo agus nithe neamhbheo ag idirghníomhú lena chéile, an tslí a bhíonn nithe sa dúlra ag obair lena chéile agus ag brath ar a chéile. D'fhéadfadh éiceachóras a bheith chomh beag le lochán nó chomh mór le foraois. Is éard atá i gceist le **bithóm** ná gnáthóg ina dtagann go leor éiceachórais le chéile. Is bithóm ollmhór é an domhan ina mairimi[1]. Tá an tíreolaíocht agus an aeráid de phobail plandaí, ainmhithe agus orgánaigh ithreacha an-tábhachtach.

Is éard atá i gceist le **bithéagsúlacht** ná an éagsúlacht beatha ar domhan agus an tslí a bhíonn gach uile ní beo ag brath ar a chéile.

Is gá go mbeadh bithéagsulacht timpeallachta ann chun go mbeadh beatha inbhuanaithe ar domhan. Bíonn plandaí, ainmhithe agus an aeráid ag obair le chéile chun cothroime an dúlra a chaomhnú. Ar an gcaoi seo ní cheadaítear d'aon spéiceas faoi leith cothroime an dúlra a chur as ord. Bíonn ról tábhachtach ag daoine chomh maith maidir le cothroime an dúlra agus maidir le caomhnú ár dtimpeallachta.

Tuigeann páistí na freagrachtaí atá orainn maidir le caomhnú na timpeallachta, ach go minic ní thuigeann siad cé chomh mór is a bhímid ag brath ar an timpeallacht[2]. Bímid ag brath ar an timpeallacht i gcomhair bídh, uisce, fothaine agus éadach.

Ní bheadh bia le n-ithe againn gan comhacht chothaithe na hithreach, na gréine agus na báistí. Ní bheadh teach againn le cónai ann gan na hábhair nádúrtha a dhéanaimid ó adhmad, ó ghainimh agus ó uisce. Ní bheadh éadaí againn le caitheamh gan na hábhair a úsáidimid ó na hainmhithe agus ó na plandaí timpeall orainn.

Léigh mar gheall ar athrú aeráide ar lch. 6 chun foghlaim faoi ghníomhaíocht an duine daonna agus an tslí a dhéanann sé dochar don timpeallacht.

1 planetpals.com

2 Tuairisc Taighde ar Mhachnamh Domhanda

Gníomhaíochtaí Ranga



**Tógaigí grianghraif le cur chugainn mar chuid de bhur n-iontráil don Chomórtas Domhan Nios Fearr**

### Curaclam na Sraithe Sóisearaí

Gníomhaíocht 1

## Gníomhaíocht 1 – Siúlóid Dúlra

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Eolaíocht

**TÉ:** An Domhan thart orainn

**Acmhainní:** leathanach an dalta, málaí páipéir donna, pinn luaidhe daite

- Iarr ar na daltaí ceithre chruth éagsúla a tharraingt ar leathanach agus gach aon cheann acu a dhathú, dath difriúil ar gach cruth díobh.
- Tabhair an rang amach ar shiúlóid dúlra sa pháirc áitiúil nó i gclós na scoile. Tabhair libh na leathanaigh agus iarr ar na daltaí rudaí a bhailiú ón timpeallacht a bhfuil an dath céanna orthu is atá ar na cruthanna ar an leathanach. Bailigh na rudaí seo sna málaí.
- Abair leis na daltaí suí síos i gciorcal ar an bhféar. Pléigh an timpeallacht agus na rudaí a bhailigh siad sna málaí.

**Eochaircheisteanna:** *An mó dath difriúil a fuair tú? An mó cineál glais fuair tú? An mó feithide a chonaic tú? An mó fuaim a chuala tú? An maith leat a bheith lasmuigh? Cén fáth?*

- Tabhair an rang chuig crann. Féachaigí ar na fréamhacha, na géaga agus na duilleoga. Abair leo anáil mhór a tharraingt. Mínigh an tslí a dhéanann crainn an t-ocsaigín a bhíonn uainn le hánálú agus le maireachtáil.

**Eochaircheisteanna:** *An mbíonn nithe beo eile ag brath ar na crainn? An mar a chéile na crainn ar fad?*

**Comhtháthú:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht, Mata – cruth agus spás; cruthanna 2D, Ceol – éisteacht agus freagairt; iniúchadh a dhéanamh ar fhuaimeanna

**TÉ:** An domhan thart orainn, Mata agus Uimhearthacht, Ceol agus Dráma, Forbairt Phearsanta

## Gníomhaíocht 2 – Crúigh é!

Gníomhaíocht 2

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Eolaíocht – duile beo; plandaí agus ainmhithe

**TÉ:** An domhan thart orainn

**Acmhainní:** cartán bainne, pictiúr de bha

- Taispeáin cartán bainne do na daltaí. **Eochaircheisteanna:** An dtaitníonn bainne leat? Cathain a ólann tú í? Cén fath go n-ólaimid í? Cad as a dtagann sí?
- Cuir an pictiúr de na ba ar an gclár bán. Meall na daltaí le tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar na rudaí ar fad a bhíonn ag teastáil ón mbó le maireachtáil – féar, báisteach, an ghrian le go bhfásfaidh an féar, aer úr le hanálú, uisce le hól.
- **Eochaircheisteanna**: Cad a tharlódh mura mbeadh aon bháisteach ann? Cen tionchar a bheadh ag seo ar an mbó? Cén tionchar a bheadh ag seo orainne?
- Lean leis an gceistiúchán go dtí go dtuigeann na daltaí cé chomh mór is a bhíonn gnéithe difriúla timpeallachta ag brath ar a chéile.

**Comhtháthú:** OSSP – Mé Féin; Ag tabhairt aire do mo chorp

## Curaclam na Sraithe Sinsearaí

## Gníomhaíocht 1 – Ár dTimpeallacht a Iniúchadh

Gníomhaíocht 1

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – timpeallachtaí nádúrtha, an timpeallacht nádúrtha áitiúil

**TÉ:** An domhan thart orainn

- Pléigh na téarmaí "nádúrtha" agus "saorga" leis an rang.
- Fiafraigh de na daltaí cad iad na rudaí nádúrtha agus saorga a bhfaighidís sa timpeallacht áitiúil lasmuigh den scoil.
- Tabhair na daltaí go dtí páirc áitiúil. Abair leo dul i mbeirteanna agus oiread rudaí nádúrtha agus rudaí saorga gur féidir leo a aimsiú a liostáil.
- Suígí i gciorcal lasmuigh agus pléigí na torthaí.
- **Eochaircheisteanna**: An bhfuil aon rud ar an liosta nach raibh tuartha agat roimh ré? An bhfuil níos mó rudaí nádúrtha nó rudaí saorga ann? Cén cuma a bheadh ar an timpeallacht mura mbeadh daoine ann? Cad iad na rudaí a chloiseann sibh?
- Pléigh na crainn éagsúla.
- **Eochaircheisteanna:** An bhfuil na crainn ar fad mar an gcéanna? An bhfuil aon rud beo ag brath ar na crainn (éin, feithidí, daoine, plandaí eile)? Cad iad na dathanna atá orthu?
- Iarr ar na daltaí dhá dhuilleog a bhailiú ó na crainn. Caithfidh dathanna difriúla a bheith ar an dá dhuilleog.
- Filligí ar an seomra ranga agus meascaigí péint a bhfuil an dath céanna uirthi is atá ar na duilleoga.

**Comhtháthú:**

**PnahÉ:** Eolaíocht – duile beo, plandaí agus ainmhithe; Ealaín – péint agus dath, péinteáil; Ceol – éisteacht agus freagairt; iniúchadh a dhéanamh ar fhuaimeanna

**TÉ:** Na nEalaíona, Creideamh

## Gníomhaíocht 2 – Cad as a dtagann ár gcuid éadaí?

Gníomhaíocht 2

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Eolaíocht - duile beo, plandaí agus ainmhithe

**TÉ:** An Domhan thart orainn

**Acmhainní:** geansaí olla, pictiúr de chaoirigh

- Taispeáin an pictiúr de chaoirigh do na daltaí.
- **Eochaircheisteanna**: An bhfuil geansaí olla agat? Cén úsáid a bhaineann tú as? Cá bhfuair tú é? Conas a deineadh é, meas tú?
- Cuir an pictiúr de chaoirigh ar an gclár bán. Meall na daltaí le tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar na rudaí ar fad a bhíonn ag teastáil ón gcaora le maireachtáil – féar, báisteach, an ghrian le go bhfásfaidh an féar, aer úr le hanálú, uisce le hól.
- **Eochaircheisteanna:** Cad a tharlódh mura mbeadh aon bháisteach ann? Cen tionchar a bheadh ag seo ar an gcaora? Cén tionchar a bheadh ag seo orainne?
- Lean leis an gceistiúchán go dtí go dtuigeann na daltaí cé chomh mór is a bhíonn gnéithe difriúla timpeallachta ag brath ar a chéile.
- Féachaigí ar na lipéid ar bhur mbróga. Cén tír inar deineadh iad? Cad as a deineadh iad? Déanaigí machnamh ar an turas a bhí ag na bróga óna ndéantús go dtí gur tugadh go hÉirinn iad.
- I ngrúpaí, iarr ar na daltai liosta a dhéanamh de na slite ina mbímid ag brath ar an timpeallacht, m.sh. bia, fothain, uisce

**Comhtháthú:** Tíreolaíocht- timpeallachtaí nádúrtha, an timpeallacht nádúrtha áitiúil
**TÉ:** Forbairt Phearsanta


Gníomhaíochtaí Ranga




**Tógaigí grianghraif le cur chugainn mar chuid de bhur n-iontráil don Chomórtas Domhan Nios Fearr**

Eolas don Mhúinteoir

**Aimsir =**
cúinsí inár n-atmasféar ó lá go lá
liuich
bogthais
tirim
fuar
te
gaofar



**Dá mbeadh ardú 1m ar leibhéal na farraige, bheadh 24 milliún duine easáitithe sa Bhanglaidéis, san Ind agus san Indinéis[5].**



**Faoin mbliain 2012 bhí teocht an domhain 0.85°C níos airde ná mar a bhí sí le linn an tréimhse réamh-thionsclaíochta. (1800)[4].**

# Cad is Athrú Aeráide ann?

**Aimsir vs Aeráid**

- Is éard atá I gceist le hAimsir ná na hathruithe ar an atmaisféar ó lá go lá
- Pléimid an aimsir i dtéarmaí an chéad cúpla uair a' chloig eile nó an chéad cúpla lá eile
- Nuair a bhímid ag caint faoin aimsir, bimid ag tagairt don teocht, don ghrian, don ghaoth agus don bháisteach thart orainn

- Is éard atá I gceist la hAeráid ná an meánphatrún ó thaobh aimsire de in áit faoi leith thar tréimhse ama áirithe
- Pléimid cúrsaí aeráide agus sinn ag caint i dtéarmaí blianta, treimhsí deich mbliana nó fiú tréimhsí céad bliain
- Déanann eolaithe staidéar ar staitisticí aimsire le hathruithe aeráide a dhéanamh amach

Is éard atá i gceist le hathrú aeráide ná athrú suntasach ar an aeráid i gceantar (teocht, báisteach agus gaoth san áireamh). Cé gur féidir le cúiseanna nádúrtha tionchar a bheith acu ar an aeráid, úsáidtear an téarma "athrú aeráide" go príomha chun cur síos a dhéanamh ar na hathruithe a thagann ar an aeráid mar thoradh ar ghníomhaíocht daonna.

## Cén fáth a bhfuil sé seo ag tarlú?

Ar dtús caithimid an timthriall carbóin a thuiscint. Téann dé-ocsaíd carbóin ($CO_2$) isteach in atmaisféar an domhain ó bholcáin, ó phlandaí ag lobhadh agus ó ánáil daoine agus ainmhithe agus ó dhromchla na farraige. Fágann $CO_2$ an t-atmaisféar nuair a úsáideann na plandaí é le linn phróiseas na fótasintéise, nuair a shútar isteach sa bhfarraige é nó nuair a stóráiltear é san ithir nó sa dríodar. Coimeádann an timthriall seo gach rud beo ar domhan.

Bíonn an $CO_2$ san atmaisféar mar ghaiste do theas na gréine. Sin an fáth a thugtar gás ceaptha teasa (greenhouse gas) air. Cruthaíonn sé plaincéad teasa ar a dtugtar an iarmhairt cheaptha teasa (greenhouse effect), rud a chiallaíonn nach féidir leis an domhan reo. A mhéid $CO_2$ atá san atmaisféar, is ea is teo an domhan.

Bhí méid an $CO_2$ san atmaisféar seasmhach le 8,000 bliain anuas, rud a chruthaíonn cúinsí oiriúnacha don duine daonna le maireachtáil.

Thart ar 200 bliain ó shin, áfach, thosaigh daoine ag tochailt na hithreach chun breoslaí iontaise a bhaint. Is éard atá sna breoslaí iontaise seo (gual, íle agus gás nadúrtha) ná iarsmaí ainmhithe marbha ó i bhfad roimis éabhlóid an chine dhaonna. Úsáidtear an fuinneamh a stóráiltear iontu chun ár monarcha agus ár ngluaisteáin a rith agus chun cumhacht áibhléise a thabhairt dúinn. Ach nuair a dhóitear na breoslaí seo, scaoiltear níos mó $CO_2$ isteach san aer. Ag an am céanna, leagadh na foraoisí le haghaidh na talmhaíochta agus ní raibh na crainn ann chun an $CO_2$ a bhaint den aer.

**Gach aon uair a chasaimid an raidió nó an teilifís ar siúl, gach aon uair a thiomáinimid go dtí na siopaí, bímid ag cur le méid an $CO_2$ san atmaisféar. Bíonn astaíochtaí $CO_2$ mar thoradh de gach aon rud a cheannaímid ar shlí amháin nó ar shlí eile, mar thoradh ar a dhéantús agus a phacáistiú, a iompar nó an dá rud!**

Is é a mhéid $CO_2$ a bhíonn san atmaisféar, is ea a dheacra a bheidh sé seasmhacht a chinntiú. Toisc an iarmhairt cheaptha teasa, comeádtar níos mó teasa san atmaisféar. Tá ár ndomhan ag éirí níos teo ag ráta scanrúil. Tá an teocht ag dromchla an domhain ag ardú go leanúnach le blianta anuas agus tá sé níos airde anois ná mar a bhí sé le linn aon tréimhse deich mbliana roimis 1850.[3]

## Cad é toradh an scéil?

Toisc athrú aeráide an domhain, bíonn imeachtaí aimsire foircneacha dá leithéid stoirmeacha agus tuilte i bhfad níos minicí agus níos déine agus imeachtaí ar nós triomaigh chomh maith. Mar thoradh bíonn leibhéal na farraige ar síorardú toisc teocht níos airde. Léigh mar gheall ar Chóir Aeráide ar lch. 12 le tuilleadh eolais a fháil ar an tionchar atá ag seo ar fad ar dhaoine timpeall an domhain.

3 Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide ipcc.ch
4 Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide ipcc.ch
5 An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe defra.gov.uk

## Curaclam na Sraithe Sóisearaí

### Gníomhaíocht 1: Cad is Aimsir ann?

Gníomhaíocht 1

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – timpeallachtaí nádúrtha, aimsir

**TÉ:** An Domhan thart orainn

**Acmhainní:** Tarraing cairt aimsire ar leathanach mór. Cóipeanna den chairt aimsire ar lch.9.

- Tosnaigí gach lá i gcomhair seachtaine ag plé cúrsaí aimsire. Déan é a thaifead ar chairt an ranga agus iarr ar na daltaí taifead a dhéanamh ar a gcairteanna féin. Déan aimsir an lae dar gcionn a thuar.
- Tabhair isteach baill éadaigh éagsúla. Fiafraigh de na daltaí cén saghas éadaí a chaithfidís i gcomhthéacsanna éagsúla aimsire.

**Comhtháthú:**

**PnahÉ:** Gaeilge – éadaí, an aimsir; Béarla – forbairt cumais agus muiníne in úsáid na teanga, labhairt; Mata – sonraí, ag aithint agus ag baint céille as sonraí

**TÉ:** Teanga agus litearthacht, Mata agus uimhearthacht

### Gníomhaíocht 2: Cad is Athrú Aeráide ann?

Gníomhaíocht 2

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – timpeallachtaí nádúrtha, an domhan agus spás

**TÉ:** An Domhan thart orainn

Acmhainní: Téigh ar www.trocaire.org/education/lent2015 chun féachaint ar an gcartún "Climate Change Explained", luaschárta athrú aeráide.

- Cuir an luaschárta ar an gclár bán.
- Iarr ar na daltaí machnamh ar an téarma athrú aeráide, dul i mbeirteanna agus a gcuid smaointe a roinnt lena chéile (think, share, pair). Scríobh an téarma in airde ar an gclár bán fad atá siad ag roinnt a gcuid smaointe.
- Iarr ar na daltaí na rudaí a bheidh ar an bhfíseán a thuar roimh ré. Féachaigí ar an bhfíseán agus pléigí a raibh ann.
- Seinn an físeán arís. Abair leis na daltaí dhá rud nua atá foghlamtha acu a phiocadh amach. Pléigí.
- Seinn an físeán arís. Abair leis na daltaí an scéal a insint ina bhfocail féin.

**Comhtháthú:**

**PnahÉ:** Béarla –labhairt; Stair – athrú agus leanúnachas, leanúnachas agus athrú sa timpeallacht áitiúil.

**TÉ:** Teanga agus litearthacht

## Curaclam na Sraithe Sinsearaí

### Gníomhaíocht 1: Cad is Athrú Aeráide ann?

Gníomhaíocht 1

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – timpeallachtaí nádúrtha, an domhan agus spás

**TÉ:** An Domhan thart orainn

Acmhainní: Téigh ar www.trocaire.org/education/lent2015 chun féachaint ar an gcartún "Climate Change Explained"

- Iarr ar na daltaí cairt KWL a dhéanamh i mbeirteanna (K= Know: cad atá ar eolas acu cheana féin; W= want: cad gur mhaith leo a fhoghlaim; L= learn: cad a d'fhoghlaim siad). Abair leo an méid atá ar eolas acu agus an méid gur mhaith leo a fhoghlaim faoi athrú aeráide a líonadh isteach ar an gcairt. Tar éis dóibh gníomhaíochtaí na hacmhainne seo a dhéanamh, iarr orthu an méid atá foghlamaithe acu a líonadh isteach.
- Feachaigí ar an bhfíseán agus pléigí a raibh ann ag déanamh tagairt don chairt KWL. Féachaigí air arís chun an méid atá foghlamaithe acu a threisiú.

**Comhtháthú:**

**PnahÉ:** Eolaíocht – feasacht timpeallachta agus cúram timpeallachta; Eolaíocht agus an Timpeallacht, Stair - athrú agus leanúnachas, leanúnachas agus athrú sa timpeallacht áitiúil.

**TÉ:** Teanga agus litearthacht

### Gníomhaíocht 2: Tóraíocht Gréasáin (Web Quest)

Gníomhaíocht 2

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Béarla – ag forbairt cumais chognaíocha tríd an teanga, léamh, teanga labhartha

**TÉ:** Teanga agus litearthacht

Acmhainní: Téigh ar www.trocaire.org/education/lent2015 agus féach ar an tóraíocht gréasáin (Web Quest)

- Roinn an rang i ngrúpaí. Tabhair topaic do gach grúpa chun taighde a dhéanamh air. Topaicí molta: breoslaí iontaise, iarmhairt cheaptha teasa (greenhouse effect), an timthriall carbóin, tionsclaíocht, astaíochtaí carbóin. Ag tagairt dá gcairteanna KWL, abair leis na daltaí idir 3 agus 5 ceist a chumadh. Abair leo féachaint ar na suíomhanna idirlíne thíos chun teacht ar fhreagraí ar an ceisteanna.
- Iarr ar na grúpaí a gcuid freagraí a chur i láthair os comhair an ranga i bhfoirm cur i láthair Powerpoint/ ó bhéal/ ar phóstaer.

**Comhtháthú:**

**PnahÉ:** Eolaíocht – feasacht timpeallachta agus cúram timpeallachta; Eolaíocht agus an Timpeallacht

**TÉ:** Teanga agus litearthacht

Gníomhaíochtaí Ranga



**Cuir chugainn do chairt KWL mar chuid de d'iontráil ar an gComórtas Domhan Níos Fearr**



**trocaire.org/education/lent2015**

Gníomhaíochtaí Ranga

**ATHRAÍONN AN AERÁID**
**AR FUD AN DOMHAIN**



## Gníomhaíocht 3: Ag rangú cúiseanna an athrú aeráide

Gníomhaíocht 3

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Béarla – ag gabháil teanga, léamh
**TÉ:** Teanga agus litearthacht

Acmhainní: Cúisráitis Athrú aeráide (thíos)

- Roinn an rang i ngrúpaí beaga.
- Cóipeáil agus gearr amach na cúisráitis athrú aeráide. Tabhair seit ráiteas do gach grúpa.
- Abair leis na daltaí na ráitis a rangú, ag cur príomhchúis athrú aeráide (dar leo) ar bharr, an chúis is lú a bhfuil baint aige le hathrú aeráide ag an mbun.

**Nóta:** Níl ord ceart leis na ráitis. Is í aidhm na gníomhaíochta seo ná deis a thabhairt do na daltaí páirt a ghlacadh i bplé daonlathach.


**Comhtháthú:**
**PnahÉ:** Eolaíocht – feasacht timpeallachta agus cúram timpeallachta; Eolaíocht agus an Timpeallacht
**TÉ:** Mata agus uimhearthacht, teanga agus litearthacht

Eolas don Mhúinteoir

## Acmhainn: Athrú Aeráide

| | |
|---|---|
| Nuair a phléascann bolcáin, cuireann siad dé-ocsaíd charbóin amach san atmaisféar. Is gás ceaptha teasa é seo. | Tá ár n-aeráid ag athrú ó thús ama. Bhí oighearaoiseanna againn thiar sa stair. |
| Bíonn gá ag innill gluaisteán le peitreal nó le díosal le feidhmiú. Tagann siad seo ó íle, breosla iontaise. Scaoil-tear an dé-ocsaíd charbóin isteach san atmaisféar nuair a thiomáintear an carr. | Nuair a bhíonn ainmhithe agus plandaí marbha faoin talamh ar feadh na mílte bliain, castar isteach i mbreoslaí iontaise iad. Is breoslaí iontaise iad íle, gual agus gás. Nuair a déantar na breoslai sin a dhó scaoiltear dé-ocsaíd charbóin isteach san atmaisféar. |
| Bíonn gá ag soilse le haibhléis le feidhmiú. Is foirm fuinnimh í an aibhléis. Uaireanta úsáidtear na breoslaí iontaise íle, gual agus gás chun an fuinneamh seo a chruthú. Scaoileann na breoslaí seo dé-ocsíd charbóin isteach san atmaisféar. | Bíonn níos mó monarcha agus níos mó gluaisteáin i dtíortha áirithe ná mar atá i dtíortha eile. Ciallaíonn sé seo go ndóitear níos mó breoslaí iontaise sna tíortha sin agus scaoiltear níos mó dé-ocsíd charbóin isteach san atmaisféar. Mar thoradh air seo tá an aeráid ag athrú níos tapúla. |


**Téann dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) isteach san atmaisféar trí anáil daoine agus ánáil na n-ainmhithe, trí bholcáin; trí phlandaí agus iontaisí ag lobhadh.**



# Conas atá an aimsir inniú?

| Lá na Seachtaine |  Grian |  Scamall |  Báisteach |  Sneachta |  Gaoth |  Ceathanna |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dé Luain | | | | | | |
| Dé Máirt | | | | | | |
| Dé Céadaoin | | | | | | |
| Déardaoin | | | | | | |
| Dé hAoine | | | | | | |

Eolas don Mhúinteoir



**Le gearradh siar mór ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, is féidir ardú teochta domhanda a choimeád faoi bhun 2°C, ag leibhéal réamh-thionsclaíoch. Tá ceannairí domhanda tar éis aontú gur cheart ardú teochta domhanda a choimeád faoi bhun 2°C ach níl siad aontaithe ar conas gearradh siar ar astaíochtaí gás ceaptha teasa len é seo a chinntiú. Rachadh conradh domhanda ar athrú aeráide i ngleic leis an bhfadhb cé mhéad gur cheart astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cé gur cheart é a laghdú.** [6]

# Cad is Cóir Aeráide ann?

**Creideann Trócaire ní hamháin gur ceist timpeallachta an t-athrú aeráide, ach gur ceist chóra í chomh maith.** Is éard atá i gceist le héagóir aeráide ná gurb iad na fir, na mná agus na páistí is leochaillí ar domhan na daoine is mó atá thíos le hathrú aeráide. Is éagóir uafásach í seo toisc go mbaineann bunchúiseanna athrú aeráide go dlúth le stíl mhaireachtála an ró-thomhaltais na dtíortha saibhre.

Is iad na daoine bochta leochailleacha a bhfuil a gcearta maidir le bia, fothain, uisce agus beatha i mbaol cheana féin, is mó a fhulaingíonn toisc na héagóra seo.

**Is rud coitianta é stoirmeacha tubaisteacha, sneachta agus tuilte a bheith againn i rith an gheimhridh in Éirinn le roinnt blianta anuas. Tuairiscíodh gálaí gaoithe hairicíneacha amuigh ó chósta Inis Earcáin, Co. Chorcaí i Mí Feabhra 2014. Toisc sneachta trom ní raibh eitiltí in ann imeacht ó aerfort Bhaile Átha Cliath i Mí Eanáir 2013. Deineadh damáiste ollmhór do thithe i gcathair Luimní le linn na dtuilte i Mí Feabhra 2014. Cuireadh cabhair ar nós bia, éadaí agus nithe pearsanta ar fáil do theaghlaigh láithreach.[7]**

**Ní hé seo an chéad uair dúinn i stair na hÉireann aimsir uafásach mar seo a bheith againn. An rud is suntasaí, áfach, ná go mbíonn aimsir mar seo againn i bhfad níos minicí ná mar a bhí riamh. Mheas an Roinn Comhshaoil gur chosain an damáiste a deineadh do bhonnstruchtúr poiblí ón aimsir fhoircneach €61.472m. thar an tréimhse 13ú Nollaig 2013 go dtí 6ú Eanáir 2014. Bhuail stoirmeacha Éire thart ar gach trí lá i rith an ama seo.[8]**



Creidiúint: Photocall Ireland

Tagraíonn éagóir aeráide don doicheall a bhíonn ar rialtais na dtíortha tionsclaithe, Éire san áireamh, gníomh a thógaint agus rud éigin a dhéanamh faoi athrú aeráide an domhain, ainneoin an t-eolas eolaíochta atá againn ar a chúiseanna agus a iarmhairtí ón mbliain 1992. Theip ar cheannairí Domhanda aontú ar chonradh domhanda maidir le hathrú aeráide sa bhliain 2009. Tá dul chun cinn áirithe déanta agus táthar ag súil go dtabharfar an comhaontú seo chun críche roimis dheireadh na bliana 2015 nuair a chasfar ar a chéile arís iad ag comhdháil na Náisiún Aontaithe i bPáras na Fraince.

Tá Éire ar an dara tír is measa san Eoraip maidir le méid na n-astaíochtaí carbóin in aghaidh an duine.[9] Má leanann aeráid an domhain ag athrú mar seo, is féidir linne in Éirinn a bheith ag siúl leis:

- go mbeidh stoirmeacha níos déine agus báisteach níos troime againn.
- gur dóichí go mbeidh tuilte i gceantair aibhneacha agus fad an chósta, áit a bhfuil formhór ár gcathracha agus ár mbailte móra.
- go n-imeoidh speicis leochailleacha, m.sh. na beacha.
- go mbeidh tionchar diúltach ar thionscal na feirmeoireachta, rud a chosnóidh idir €1 agus €2 bhilliún in aghaidh na bliana[10].


Braitheann na daoine i nDeisceart an Domhain iarmhairtí athrú aeráide i bhfad níos mó ná mar a bhraithimidne in Éirinn iad. Tá dhá thrian de dhaoine bochta an domhain ina gcónaí i gceantair iargúlta agus iad ag brath ar an bhfeirmeoireacht le bia a sholáthar dóibh féin agus lena gcuid a thuilleamh. Mar thoradh ar athrú aeráide, áfach, ní feidir an bháisteach a thuar. Bíonn sé an-deacair ar fheirmeoirí mar sin a gcuid barraí a fhás. I measc na bhfadhbanna a bhíonn acu, déanann trombháisteach na síolta a scrios orthu nó ní fhasann na síolta in aon chor toisc easpa báistí. Munar feidir le feirmeoirí an bhaisteach a thuar, bíonn sé an-deacair dóibh na barraí a fhás. Deir Ali, feirmeoir beag san Aetóip linn:

**"Bímid ag brath ar an mbáisteach ach níl mórán baistí ann...tá easpa báistí ag cur isteach orainn go mór, easpa uisce chomh maith. Athraíonn sé ó bhliain go bliain. Nuair a bhí mise i mo bhuachaill óg, bhíodh dóthain báistí againn. Anois tá an scéal i bhfad níos measa."**


Tá thart ar 800 milliún duine ar domhan i mbaol a mbáis faoi láthair toisc ocras a bheith orthu (sin 12% de dhaonra an domhain)[11]. Cinnteacht bia a thugaimid ar an bhfadhb seo. Tá an-chuid aibhneacha agus locha ag trimiú toisc triomaigh agus mar sin bíonn ar dhaoine achair an-fhada a shiúil chun go mbeidh fáil acu ar uisce sábháilte, glan. Cinnteacht uisce a thugaimid ar an gceist seo. An bhfuil sé seo cóir nó ceart, meas tú?

6 Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide ipcc.ch
7 Irish Examiner irishexaminer.com
8 An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil environ.ie
9 An Phríomh-Oifig Staidrimh cso.ie
10 An Ghníomhaireacht Um Chaomhnú Comhshaoil epa.ie
11 Stern Review of the Economics of Climate Change HM Treasury
12 Oifig na Náisiun Aontaoithe um Laghdú Baol Tubaiste unisdr.org
13 Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide ipcc.ch

Eolas don Mhúinteoir



**Tuairiscíodh geall leis trí oiread níos mó tubaistí le deich mbiana anuas ar fud an domhain ná mar a tuairiscíodh sna 1970aidí (1,110 tubaiste).[12]**



**Ceaptar go mbeidh fórmhór na hAfraice thíos le barraí ag teip. Meastar go dtiocfaidh titim 50% ar tháirgeadh barraí báisteach-chothaithe i roinnt tíortha san Afraic faoin mbliain 2020.[12]**

Eolas don Mhúinteoir

**Is tír í an Aetóip a bhraitheann tionchar athrú aeráide go mór.**

**Tá Mahlet (trí bliana déag d'aois) ina cónaí lena teaghlach i sráidbhaile beag i dTuaisceart na hAetóipe. Is breá léi dul ar scoil agus a bheith ag cabhrú lena hathair, Ali, ar a bhfeirm bheag. Tá dhá phlota talún ag a teaghlach. Tá plota amháin cois abhainn acu, áit a fhásann siad líon beag glasraí agus tá plota níos mó ar a fhásann siad arbhar agus gráinigh. Bíonn siad ag brath ar na barraí seo chun bia a sholáthar dóibh féin agus chun a gcuid a thuilleamh.**

**Bíonn báisteach ag teastáil ó na barraí seo le haghaidh fáis ach le tamall de bhlianta anuas tá tugtha faoi ndeara ag Mahlet agus ag a muintir go dtiteann níos lú agus níos lú báistí. Anois tá siad ag obair níos déine ná mar a bhí riamh chun iad féin a chothú. N hí an bháisteach nach féidir a thuar an cloch is mo ar a bpaidrín, áfach. "An fhadhb is mó ná triomach" a deir Ali, athair Mahlet. Muna dtagann athrú ar an scéal go luath, ni bheidh ar a gcumas iad féin a chothú, ainneoin na hoibre ar fad.**

**Foghlaim faoin obair a dhéanann Trócaire ar son cóir aeráide ar leathanach 16. Bí i do Laoch ar son na Córa Aeráide agus meall do dhaltaí le gníomh a thógaint maidir le hathrú aeráide!**



Jeannie O' Brien
Tuaisceart na hAetóipe

Tá báisteach uainn le barraí a fhás

Gníomhaíocht 1

**Curaclam na Sraithe Sóisearaí**

## Gníomhaíocht 1: Tionchar Athrú Aeráide ar fud an domhain

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** OSSP – Mé féin agus an domhan thart orm, ag tabhairt aire don timpeallacht
**TÉ:** An Domhan thart orainn, forbairt phearsanta
**Acmhainní:** Grianghraif ó chúl an phacáiste seo

- Cuir 4-6 ghrianghraf ar an úrlár. Iarr ar na daltaí siúl timpeall, féachaint ar na grianghraif, ceann a roghnú agus seasamh in aice leis. Iarr ar gach grúpa cur síos a dhéanamh os comhair an ranga ar a bhfuil ag tarlú sa ghrianghraf atá roghnaithe acu. Abair leis na daltaí smaoineamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir a saoil féin agus a bhfuil sa ghrianghraf. Iarr orthu míniú a thabhairt ar an gceangal idir a bhfuil sa ghrianghraf agus athrú aeráide ar domhan.

Gníomhaíocht 2

**Comhtháthú:**
**PnahÉ:** Béarla – Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch tríd an teanga; labhairt
**TÉ:** Teanga agus litearthacht

## Gníomhaíocht 2: Seo í Mahlet ón Aetóip

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – timpeallachtaí daonna, daoine agus áiteanna i gceantair eile
**TÉ:** An Domhan thart orainn
**Acmhainní:** Comhad fíricí ar an Aetóip, cur i láthair Powerpoint www.trocaire.org/education/lent2015

- Aimsigí An Aetóip ar an léarscáil. Pléigí conas a raghfá ann.
- Abair leis na daltaí trí cheist a chumadh gur mhaith leo a chur ar Mahlet.
- Taispeáin an cur i láthair Powerpoint don rang agus déanaigí é a phlé.

**Comhtháthú:**
**PnahÉ:** OSSP – Mise agus an domhan mór, ag forbairt saoránachta
**TÉ:** Teanga agus litearthacht

Gníomhaíocht 3

## Gníomhaíocht 3: Frámaí Reoite

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Dráma – Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú; drámaíocht a dhéanamh agus a iniúchadh
**TÉ:** Na hEalaíona - Dráma
**Acmhainní:** Cur i láthair Powerpoint www.trocaire.org/education/lent2015

- Roghnaigí íomhá ón gcur i láthair Powerpoint. I ngrúpaí abair leis na daltaí fráma reoite a dhéanamh. Cuir lámh ar ghualainn dalta anseo is ansiúd chun iad a "dhí-reo" agus cuir ceisteanna orthu agus iad ina ról: Cé tusa? Cad atá á dhéanamh agat? Conas mar a bhraitheann tú? Cad atá ar siúl sa cheann agat?
- Abair leis na daltaí cuntas dialainne a scríobh ag ligint orthu gurb iad Mahlet.

Gníomhaíocht 1

**Comhtháthú:**
**PnahÉ:** Béarla – Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch tríd an teanga; scríobh
**TÉ:** Teanga agus litearthacht; na hEalaíona

**Curaclam na Sraithe Sinsearaí**

## Gníomhaíocht 1: Tionchar Athrú Aeráide ar fud an domhain

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** OSSP – Mé féin agus an domhan mór, ag tabhairt aire don timpeallacht
**TÉ:** An Domhan thart orainn, forbairt phearsanta
Acmhainní: Grianghraif ó chúl an phacáiste seo, léarscáileanna an domhain

- Cuir 4-6 ghrianghraf ar an úrlár. Iarr ar na daltaí siúl timpeall, féachaint ar na grianghraif, ceann a roghnú agus seasamh in aice leis. Iarr ar gach grúpa cur síos a dhéanamh os comhair an ranga ar a bhfuil ag tarlú sa ghrianghraf atá roghnaithe acu. Iarr orthu míniú a thabhairt ar an gceangal idir na grianghraif ar fad.


Gníomhaíochtaí Ranga



**Tógaigí griangraif de na frámaí reoite le cur chugainn mar iontráil don Chomórtas Domhan Níos Fearr**



**trocaire.org/education/lent2015**



**Déanaigí ceangal idir na gníomhaíochtaí seo agus Ceart Daonna. Téigí ar trocaire.org/sites/trocairefiles/resources/edu/power-up-india-education-resource-pack.pdf le teacht ar a thuilleadh gníomhaíochtaí ranga ar Chearta Daonna**

Gníomhaíochtaí Ranga

- Dáil leathanach mór ar na grúpaí (leathanach ag gach grianghraf). Iarr ar cheannaire an ghrúpa na ceisteanna a thagann chun cuimhne agus iad ag féachaint ar an ngriangraf a bhreacadh síos ar an leathanach.
- Abair leo teideal a chumadh do gach grianghraf.

Gníomhaíocht 2

**Comhtháthú:**
**PnahÉ:** Tíreolaíocht – timpeallachtaí daonna, daoine agus áiteanna i gceantair eile; OSSP – Mise agus an domhan mór, ag forbairt saoránachta
**TÉ:** Creideamh

---

## Gníomhaíocht 2: Seo í Mahlet ón Aetóip

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – timpeallachtaí daonna, daoine agus áiteanna i gceantair eile
**TÉ:** An Domhan thart orainn
**Acmhainní:** Cur i láthair Powerpoint www.trocaire.org/education/lent2015

- Taispeáin an cur i láthair Powerpoint don rang.
- I mbeirteanna, abair leis na daltaí leathanch a dheighilt ina dhá leath. Abair leo liosta a dhéanamh i gcolún amháin de na slite a chuireann athrú aeráide isteach ar shaol Mahlet. Sa dara colún ba cheart dóibh liosta a dhéanamh de na slite a chuireann athrú aeráide isteach orthu ina saoil féin.

Gníomhaíocht 3

**Comhtháthú:**
Béarla – Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch tríd an teanga; scríobh

---

## Gníomhaíocht 3: Ag siúl i mbróga duine eile

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Dráma – Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú; drámaíocht a dhéanamh agus a iniúchadh,
**TÉ:** Na hEalaíona - Dráma
**Acmhainní:** Rólchártaí, lch 15.

- Dáil rólchárta an duine ar ochtar dalta. Tabhair go leor ama dóibh chun iad féin a chur i mbróga an duine ar a dtugtar cuntas ar an gcárta (smaoineamh ar cé hiad féin, cá bhfuil cónaí orthu, a muintir, cén cineál saoil atá acu agus mar sin de).
- Abair leis na daltaí seasamh i líne trasna lár an tseomra ranga. Ní cheart dóibh a chur in iúl do dhaltaí eile an ranga cén ról atá acu.
- Mínigh dóibh go bhfuil sé i gceist agat roinnt ráitis a léamh os ord (féach na ráitis thíos). Tar éis duit na ráitis a léamh ba cheart don dalta:
  **céim chun tosaigh** a thógaint más fíor an ráiteas sin dá c(h)arachtar.
  **céim ar chúl** a thógaint más bréagach an ráiteas sin dá c(h)arachtar.
  **fanúint san áit a bhfuil siad** muna bhfuil a fhios acu.

- Ní hí aidhm na gníomhaíochta taobh eile an tseomra a shroichint ach saol an duine ar an gcárta a bhlaiseadh agus a thuiscint.
- Tabhair go leor ama do na daltaí machnamh ar an ráiteas agus ansin cinneadh a dhéanamh bogadh nó gan bogadh. Fad a bheidh na ráitis á léamh agat, beidh na daltaí ag leathnú amach timpeall an tseomra, cuid acu ag tógaint céimeanna agus cuid eile ag fanúint socair. Cuireann sé seo ar a súile do na daltaí éagothroime an domhain.
- Cuir ceisteanna ar na daltaí agus iad ina ról: Conas a bhraitheann tú? Cad air atá tú ag smaoineamh?
- Abair leis na daltaí teacht amach ó na rólanna a bhí acu. Abair leo na ceisteanna seo a leanas a phlé (mar rang iomlán nó i ngrúpaí beaga): Cén duine a bhog an méid is mó? Cen fáth? Cén duine a fágadh taobh thiar? Cén fáth? Conas a bhraith tú agus tú ag bogadh go tapaidh? Conas a bhraith tú agus tú ag bogadh go mall? Cé hiad na daoine go n-éiríonn leo bogadh ar aghaidh sa saol? Cén fáth? Cad is féidir a dhéanamh chun cabhrú le deiseanna saoil X (roghnaigh carachtar ó na rólchártaí)?

- Nuair a bheidh na daltaí thar n-ais ina n-áiteanna féin, abair leo carachtar a roghnú ó na rólchártaí agus cuntas dialainne a scríobh ar son an duine sin.

**Ráitis:**

1. Tá go leor bia le h-ithe agus go leor uisce le h-ól agam.
2. Gach seans go rachaidh mé ar an ollscoil.
3. Bainim úsáid as áibhléis gach lá.
4. Muna mbíonn báisteach ann, bím fós in ann teacht ar bhia.
5. Ní chuireann athruithe i bpátrún na haimsire isteach orm ó lá go lá.

**Comhtháthú:**
**PnahÉ:** Béarla – Forbairt mhothúchánach agus shamhlaíoch tríd an teanga; scríobh
**TÉ:** Teanga agus litearthacht

# Rólchártaí: Ag siúl i mbróga duine eile

Dawit (buachaill), An Aetóip

Tá tú aon bhliain déag d'aois. Tá tú i do chónaí le do mham is do dhaid sa phríomhchathair, Addis Ababa. Oibríonn do dhaid in oifig. Faigheann tú an bus ar scoil gach lá. An t-ábhar is fearr leat ar scoil ná ríomhairí. Tar éis scoile déanann do mháthair dinnéar duit sa chistin fad a bhíonn tusa ag imirt cluichí ríomhaireachta. Is breá leat a bheith ag cabhrú léi an siopadóireacht a dhéanamh ag an margadh. Nuair a bhíonn sé te téann tú go dtí an t-óstán mór chun dul ag snámh sa linn snámha ann.

Jack (buachaill), Éire

Tá tú naoi mbliana d'aois. Tá tú i do chónai i mBaile Átha Cliath le do dhaid agus do dheartháir. Is múinteoir sa mheánscoil do dhaid. Tugann sé ar scoil tú gach lá ina charr. Tar éis scoile déanann tú d'obair bhaile, bíonn tú ag imirt cluichí ar an Playstation agus féachann tú ar an teilifís. Déannann do dhaid an dinnéar le bia a cheannaíonn sé ón ollmhargadh. Chuaigh tú ar laethanta saoire go dtí an Spáinn ar eitleán an samhradh seo caite.

Sanvi (cailín), An Bhanglaidéis

Tá tú dhá bhliain déag d'aois. Ta tú i do chónaí in árasán beag le do mham, triúr deirfiúracha agus ceathrar deartháireacha i gcathair darb ainm Dhaka. Bhíodh cónaí ort i sráidbhaile beag. Bhíodh do theaghlach ag brath ar an mbia a fhás sibh ar bhur bhfeirm. Toisc athruithe aimsire, d'éirigh sé ró-dheacair a bheith ag fás barraí. Bhí ar an teaghlach bogadh go dtí an chathair ar thóir oibre. Ní théann tú ar scoil. Téann tú féin is do mháthair ag obair i monarcha mhór éadaí. Tá go leor monarchana sa chathair. Caithfidh tú airgead a thuilleamh chun cabhrú leis an teaghlach bia a cheannach. Tagann leoraithe móra gach lá chun na h-éadaí a dhéantar sa mhonarcha a thabhairt chuig an aerfort. Cuirtear na h-éadaí go Meirceá agus go dtí an Eoraip.

Angela (cailín), An Mhaláiv

Tá tú deich mbliana d'aois. Tá tú i do chónaí le do mham, do dhaid, do dheirfiúr agus do dheartháir. Sula dtéann tú ar scoil, siúlann tú 2km/ uair a'chloig chun uisce a bhailiú ón abhainn áitiúil. Is feirmeoirí iad do thuismitheoirí. Tar éis scoile cabhraíonn tú le do mham le hobair an tí ionas gur féidir léi dul ag obair ar an bhfeirm. Déanann tú an dinnéar don teaghlach os cionn na tine mar níl aon aibhléis agaibh. Muna mbíonn aon bháisteach ann, ní fhásann na barraí agus ní bhíonn faic agat le cócaráil. Go minic bíonn ort uisce salach a ól agus bíonn tú breoite dá bharr. Nuair a bhíonn tú breoite, bíonn tú as láthair ón scoil.

Eileen (cailín),Éire

Tá tú dhá bhliain déag d'aois. Tá tú i do chónaí i gContae an Chláir le do mham, do dhaid, do bheirt deirfiúracha agus deartháir amháin. Téann tú ar scoil gach lá ar do rothar. Bhí stoirm uafásach ann anuraidh agus bhí ar do scoil dúnadh i gcomhair dhá lá. Tá bád beag iascaireachta ag do dhaid. Deineadh damáiste dó sa stoirm anuraidh. Anois níl ar a chumas dóthain éisc a fháil agus bíonn sé dian air airgead a thuilleamh. Uaireanta itheann tú an t-iasc a fhaigheann do dhaid don dinnéar. Is breá le do mham garraíodóireacht. Fásann sí glasraí agus is breá leatsa iad a ithe. Muna bhfásann na glasraí, ceannaíonn do mham glasraí san ollmhargadh. An rud is fearr leat ar domhan ná do ipad.

Mahlet Ali (cailín), An Aetóip

Tá tú trí bliana déag d'aois. Tá tú i do chonaí i sráidbhaile beag bocht le do mham, do dhaid, do dheirfiúr agus do dheartháir. Siúlann tú ar scoil agus abhaile gach lá. Is feirmeoir é do dhaid. Tar éis scoile cabhraíonn tú leis glasraí a fhás ar an bhfeirm bheag. Bíonn sibh ag brath ar na glasraí seo mar fhoinse bídh. Déanann tú iad a chócaráil os cionn na tine mar níl aon oigheann agaibh. Tugann tú féin is do mham glasraí chuig an margadh le díol agus airgead a thuilleamh don teaghlach. Nuair nach mbíonn báisteach ann, ní fhásann na glasraí. Bíonn ocras ort go minic. Uaireanta bíonn an méid sin ocrais ort nach mbionn tú in ann dul ar scoil.

Raja (buachaill), An Phacastáin

Tá tú dhá bhliain déag d'aois. Scrios tuile mór do thigh. Le bliain anuas tá cónaí ort i bpuball le do thuismitheoirí, do bheirt aintíní, ceathrar deartháireacha agus triúr deirfiúracha. Níl tú in ann dul ar scoil ó scriosadh an tigh sa tuile. Ba bhreá leat filleadh abhaile ach níl dóthain airgid ag do theaghlach tigh nua a thógaint. Tá eagla ort go dtiocfaidh an bháisteach throm agus na tuilte arís agus sibh i bhur gcónaí sa phuball. Bíonn ar do theaghlach bia a chócaráil ar an tine mar níl cistin nó aibhléis agaibh.

James (buachaill), Meirceá

Tá tú ocht mbliana d'aois. Tá cónaí ort in árasán mór i Nua Eabhrac le do mham is do dheirfiúr. Téann tú ar scoil ar an mbus gach lá. Tá siopa éadaí ag do mham. Déanann sí éadaí a iompórtáil ón mBainglaidéis le díol ina siopa. Bíonn do mham an-ghnóthach agus mar sin ceannaíonn do dheirfiúr dinnéar ón siopa agus deanann sí é a chócaráil san oigheann. Ag an deireadh seachtaine is maith leat dul go dtí an phictiúrlann le do chairde. Bíonn sé an-fhuar sa gheimhreadh i Nua Eabhrac. Nuair a thagann an sneachta is breá leat liathróidí sneachta a chaitheamh ar do chairde.

Eolas don Mhúinteoir

# Bí i do Laoch ar son na Córa Aeráide



**Caithfidh gach duine ar domhan a admháil go bhfuil an aeráid ag athrú.**

**Dul i dtaithí ar chúinsí difriúla: Caithfidh daoine dul i dtaithí ar na hathruithe inár aeráid le gur féidir leo déileáil leo.**

**Maolú: Caithfimid cosc a chur ar a thuilleadh athruithe in aeráid an domhain trí mhaolú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa**

## Dul i dtaithí ar Chúinsí Difriúla

Bíonn Trócaire ag obair le pobail thar lear trí chláir bheatha chun modhanna fheirmeoireachta a chur in oiriúint chun a chinntiú go bhfásfaidh na barraí. Trí líon na mbarraí a mhéadú, agus na saghasanna barraí a chuirtear a mhéadú, bíonn feirmeoirí ullamh déiléil le tionchar triomaigh, tuilte agus stoirmeacha trópaicigh.

Tugann Trócaire tacaíocht chomh maith do thógáil córais uisciúcháin. Seo modh uisce a thabhairt don irthir lena chinntiú go bhfásfaidh na barraí.

Anuraidh thug Trócaire tacaíocht do chláir bheatha i níos mó ná **15 thír,** rud a chabhraigh le breis is **656,000 duine** go díreach agus le geall leis **1.5 milliún** duine go hindíreach.

## Maolú

Bíonn Trócaire ag obair in Éirinn ag múscailt feasachta agus ag cur oideachais ar phobail Éireannacha mar gheall ar athrú aeráide. Bímid i mbun feachtais chomh maith ar son athruithe ar bhonn náisiúnta agus ag leibhéal na hEorpa ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú.

### *Polasaí agus tacaíocht*

Déanann Trócaire taighde ar conas gur féidir le hÉirinn, leis an Eoraip agus leis na Náisiúin Aontaithe cabhrú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go héifeachtach trí athruithe polasaithe agus reachtaíochta. Le tamall fada táimid ag lorg dlithe láidre aeráide ar fud na hÉireann, ó thuaidh agus ó dheas, ina mbeidh spriocanna uaillmhianacha agus ina ceangal de réir dlí maidir le laghdú ar astaíochtaí carbóin. www.trocaire.org/resources/policyandadvocacy

### *Feachtais*

Bíonn Trócaire i mbun feachtais ardú feasachta maidir le cóir aeráide i measc mhuintir na hÉireann agus leagaimid béim ar an ngéarghá atá le dlithe láidre aeráide i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann chun gur féidir linn na hastaíohtaí carbóin a laghdú sa tír seo. Déanaimid ár ndicheall chomh maith súile mhuintir na tíre a oscailt ar na slite inar féidir leo a gcineál saoil a athrú chun cabhrú a lorg carbóin a laghdú. www.trocaire.org/uptous

### *Ag cur oideachais ar mhuintir na hÉireann*

Bíonn an fhoireann oideachas forbartha ag obair le hoideachasóirí agus le daoine óga chun feasacht agus tuiscint an phobail maidir le ceisteanna athrú aeráide a ardú, chun cabhrú le daoine machnamh a dhéanamh ar a n-astaíochtaí carbóin agus le daoine a mhealladh le bheith gníomhach agus a bheith ina gcuraidh ar son na córa aeráide. www.trocaire.org/education



**Le gearradh siar ar astaíochtaí de gháis ceaptha teasa, is féidir ardú teochta domhanda a choimeád faoi bhun 2°C ag leibhéal réamh-thionsclaíoch.** [14]

14 IPCC AR5, grúpa oibre 3 http://www.ipcc.ch/index.htm

**Ba é Gacembe Mugende (36 bliain) duine de na daoine ar thug Trócaire tacaíocht dó sa bhliain 2013. Bhí an t-athair de bheirt seo ag streachailt ag iarraidh barraí a fhás ar a fheirm bheag i lár na Céinia. Toisc athrú ar an aeráid, ní féidir leis pátrúin na haimsire a thuar, rud a chiallaíonn go bhfuil easpa bia air.**

**"Bhí mo chuid barraí ar fad ag brath ar an mbáisteach," a dúirt sé. Chuirinn mo chuid barraí agus ansin ní thagadh an bháisteach. Chaill mé m'arbhar Indiach ar fad. Nuair a theip ar an arbhar Indiach, bhraitheas pian i mo chroí istigh mar ní raibh aon rud eile agam le brath air lena chinntiú go mbeadh rath ar mo mhuintir".**



Trócaire/Clare McEvoy

Bhí baint ag Gacembe le córas uisceacháin gur thug Trócaire tacaíocht dó, córas a d'athraigh saol 30,000 duine ina cheantar. Bhí fómhar na talún bainte ag Gacembe faoi dhó laistigh de cheithre mhí tar éis dó bheith ceangailte leis an gcóras seo.

"Toisc a laghad báistí a bhíodh againn, níor fhásamar a leithéid seo de bharraí roimis seo. Tá sé dochreidte an difríocht atá feicthe againn. Ní gá domsa a bheith buartha a thuilleadh mar gheall ar obair ocáideach a fháil chun mo theaghlach a chothú. Bím ag obair dom féin anois ar m'fheirm bheag ó dhubh go dubh agus táim sona sásta gur féidir liom é sin a dhéanamh. Ní bheidh ocras ar mo theaghlach go deo agus tá mo bheirt clainne ar scoil."

Eolas don Mhúinteoir

## Curaclam na Sraithe Sóisearaí

### Gníomhaíocht 1: Cad gur féidir linn a dhéanamh chun moill a chur ar ráta athruithe ár n-aeráide?

Gníomhaíocht 1

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram timpeallachta; ag tabhairt aire don timpeallacht áitiúil

**TÉ:** An Domhan thart orainn

**Acmhainní:** pictiúir agus ráitis ar lch. 18 agus 19.

- Déan an rang a roinnt i ngrúpaí beaga.
- Cóipeáil agus gearr amach na pictiúir agus na ráitis ar lch. 18 agus 19. Tabhair seit pictiúr agus ráiteas do gach grúpa.
- Abair leis na daltaí cur síos a dhéanamh ar gach pictiúr agus plé a dhéanamh ar conas gur féidir leis an rud atá sa phictiur cabhrú le hathrú aeráide an domhain a mhoilliú.
- Abair leo na ráitis a léamh agus iad a mheaitseáil leis an bpictiúr ceart.
- Abair leo na pictiúir a rangú, ag cur an pictiúr is fearr a léiríonn fuascailt na faidhbe (dar leo) ar bharr agus an pictiúr nach n-éiríonn leis fuascailt na faidhbe a léiriú ar bun.

**Nóta:** Níl ord "ceart" inar cheart na pictiúir a bheith. Seo gníomhaiocht a bhfuil sé mar aidhm aici plé daonlathach a mhealladh.

**Comhtháthú:**

**Pna hÉ:** Béarla – Forbairt cumais agus muiníne in úsáid na teanga; labhairt

**TÉ:** Teanga agus litearthacht

## Curaclam na Sraithe Sinsearaí

### Gníomhaíocht 1: Athrú Aeráide: Dul i dtaithí air agus é a mhaolú

Gníomhaíocht 1

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram timpeallachta; ag tabhairt aire don timpeallacht áitiúil

**TÉ:** An Domhan thart orainn

**Acmhainní:** ráitis, lch. 19, cearnóga páipéir, pinn

- Déan an rang a roinnt i ngrúpaí beaga.
- Cóipeáil agus gearr amach na ráitis ar lch. 19. Tabhair seit ráiteas do gach grúpa.
- Abair leis na daltaí na ráitis a rangú, ag cur an ráiteas a thugann an gníomh is éifeachtaí dar leo ar bharr agus an ráiteas a thugann gníomh nach bhfuil éifeachtach in aon chor dar leo ar bun.

**Nóta:** Níl ord "ceart" inar cheart na pictiúir a bheith. Seo gníomhaiocht a bhfuil sé mar aidhm aici plé daonlathach a mhealladh.

- Iarr ar na daltaí slí nó dhó a mholadh ina d'fhéadfaidís athrú aeráide a mhaolú (abair leo féachaint arís ar na Tóraíochtaí Gréasáin). Abair leo na moltaí a bhreacadh síos ar na cearnóga páipéir. Abair leo iad a rangú mar a dhein siad leis na ráitis.
- Déan plé ranga a chur ar bun. Ba cheart do gach grúpa ord a gcuid ráitis a mhíniú.

**Comhtháthú:**

**Pna hÉ:** Béarla – Forbairt cumais chognaíocha tríd an teanga; léamh

**TÉ:** Teanga agus litearthacht

Gníomhaíochtaí Ranga




**Téann cúrsaí sláinte i bhfeabhais de réir mar a théann líon na n-astaíochtaí carbóin i laghad**




**Le laghdu ar fhuíollach bídh in Éirinn, sábháileann teaghlaigh €700-€1000 (£600 - £850) in aghaidh na bliana**

## Acmhainn: Pictiúir Athrú Aeráide agus Maolú

Ag athchúrsáil




Ag Rothaíocht



Ag fás glasraí




Ag cur crann



Gníomhaíochas



| Ag athchúrsáil | Ag Rothaíocht |
| --- | --- |
| Déan páipéar agus plaisteach a athchúrsáil i gcónaí. Is féidir na hábhair seo a úsáid arís. Caith fuíollach bídh i mbosca bruscar múirín. Is bia foirfe é seo do phlandaí agus do chrainn. | Ná tóg an carr ar scoil. Téigh ar an rothar nó ag siúl. Muna n-úsáidimid an carr, ní bheidh breosla á dhó againn. Ar leasa an domhain é seo ar fad. |
| **Ag fás glasraí** | **Ag cur crann** |
| An gceannaíonn tú glasraí sa siopa? Bíonn aistear fada le déanamh ag glasraí ó fheirmeacha timpeall an domhain. Úsáideann eitleáin agus leoraithe an-chuid breosla ag tabhairt na glasraí go dtí an siopa. Fás do chuid glasraí féin agus beidh laghdú ar an méid breosla a dhóitear. | Súnn na crainn an dé-ocsaíd carbóin ón atmaisféar. Má bhíonn níos mó crainn ar domhan, beidh laghdú ar an ráta athrú aeráide. |
| **Gníomhaíochas** | |
| Caithfimid ár gcairde agus ár dteaghlaigh a chur ar an eolas maidir le hathrú aeráide ar domhan. Caithfimid brú a chur ar an rialtas dlí a thabhairt isteach chun athrú aeráide a mhoilliú síos. | |

Eolas don Mhúinteoir

## Curaclam na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí

### Gníomhaíocht: Crann na Faidhbe, Crann na Fuascailte

**Nasc curaclaim:**

**PnahÉ:** Eolaíocht – Feasacht agus cúram timpeallachta

**TÉ:** An Domhan thart orainn

Acmhainní: leathanaigh mhóra, cruthanna duilleogacha gearrtha amach ó pháipéar (trí cinn an dalta)

Déanfaidh an gníomhaíocht seo foghlaim na ndaltaí ar athrú aeráide a dhaingniú agus a threisiú. Is uirlis meastúcháin í chomh maith. Le daltaí óga, ba cheart an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar rang iomlán. D'fhéadfadh daltaí níos sine í a dhéanamh i ngrúpaí beaga nó ar bhonn aonair. Chuige seo is féidir leis an múinteoir lch. 22 agus lch. 23 a chóipeáil agus iad a dháileadh ar na daltaí. Déanfaidh na daltaí iniúchadh ar fhadhb an athrú aeráide agus d´fhéadfaidís an plé a léiriú i bhfoirm pictiúir ar an gcrann.

Tarraing pictiúr de chrann na faidhbe ar leathanach mór.

- **Tamhan an chrainn:** Cad í an fhadhb?
- **Fréamhacha:** Cad iad na gníomhartha daonna a chruthaíonn an fhadhb?
- **Géaga:** Cén tionchar a bhíonn ag na fadhbanna seo ar an domhan mór?

Is í malairt taoibh de Chrann na Faidhbe ná Crann na Fuascailte

- **Tamhan an chrainn:** Cad í fuascailt na faidhbe?
- **Fréamhacha:** Cad iad na gníomhartha a chaithfimid a thógaint lena chinntiú go dtiocfaimid ar fhuascailt na faidhbe?
- **Géaga:** Cén tionchar a bheidh ag na gníomhartha seo ar an domhan mór?

Lean na samplaí a thugtar ar lch. 22 agus lch. 23. Meall na daltaí le cur leis na fréamhacha agus leis na géaga.


**Comhtháthú:**

**Pna hÉ:** Tireolaíocht – feasacht agus cúram timpeallachta; ag tabhairt aire don timpeallacht áitiúil; OSSP – ag forbairt saoránachta, cúram na timpeallachta


**TÉ:** Na hEalaíona



**Téigh ar www. trocaire.org/ education/lent2015 chun grafaic faisnéise de chrann cóir aeráide a íoslódáil**



**Tógaigí grianghraif agus cuirigí chugainn iad mar chuid de bhur n-iontrálacha don chomórtas Domhan Níos Fearr**



# Bí Gníomhach!

# Cuir d'iontráil chugainn!

## Comórtas Póstaeir Trócaire

Is uirlisí maithe iad póstaeir chun feasacht an phobail a ardú maidir le ceisteanna chóir dhomhanda. Ar mhaith leatsa póstaer phacáiste acmhainne na bliana seo chugainn a dhearadh? Dáilfear é ar breis is 3,000 bhunscoil ar fud na hÉireann.

Agus an téama "cóir aeráide" mar ionspráid agat, iarr ar do dhaltaí íomhá a chruthú bunaithe ar a bhfuil foghlamaithe acu ó ghníomhaíochtaí phacáiste acmhainne na bliana seo. Féach ar chúl an phóstaeir (sa phacáiste seo) le tuilleadh eolais a fháil.





Trōcaire
Comórtas Domhan Níos Fearr


## Comórtas Domhan Níos Fearr

Tugann an comórtas seo aitheantas don sár obair a dhéanann páistí agus iad ag imscrúdú, ag plé agus ag machnamh ar cheisteanna a bhaineann le cóir dhomhanda agus an pacáiste seo in úsáid acu sa seomra ranga. Déan taifead ar obair na ndaltaí agus cuir ar aghaidh chuig Trócaire é ag deireadh an Charghais. Bronnfar teastais agus suaithintis ar na daltaí d'fhonn a n-iarrachtaí a aithint. Féach ar chúl an phóstaeir (atá istigh sa phacáiste seo) le tuilleadh eolais a fháil.

# Crann na Faidhbe



## Crann na Fuascailte



# Grianghraif


















# Is é Trócaire an áisíneacht forbartha thar lear den Eaglais Chaitliceach in Éirinn.

## Suíomh Idirlíne Trócaire

Téigh ar **www.trocaire.org/education** chun teacht ar an acmhainn seo ar líne. Gheobhaidh tú tuilleadh acmhainní oideachais agus tuilleadh eolais faoin obair forbartha oideachais atá ar bun ag Trócaire.

## Bígí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland - téigh i dteagmháil linn

Twitter: twitter.com/trocaire - coinnigh suas leis an ngiolcaireacht is déanaí!

YouTube: youtube.com/trocaire - féach ar na daoine a dtugann tú tacaíocht dóibh

Flickr: flickr.com/trocaire - féach ár ngealaraí a bhíonn ag síorfhás

## Acmhainní oideachais eile

***Farid's Rickshaw Ride:***

Scéal buachalla óig ón mBanglaidéis atá ag ullmhú do chuairt ó cholcheathrar leis ó Éirinn. Tá an acmhainn seo ar fáil i bhfoirm leabhair mhóir nó i bhfoirm leabhair bheag.

***Just Children 2:***

Acmhainn mhúinteoireachta ar an litearthacht chriticiúil do churaclam na sraithe sinsearaí. Déanann sé iniúchadh ar théamaí mar: trádáil, athrú aeráide, imirce agus cearta daonna.

Téigh ar trocaire.org/education le tuilleadh eolais a fháil.

***Go Green, Go Global!***

Bí glas, bí uilíoch! Acmhainn Oideachais a dhéanann iniúchadh ar cheisteanna athrú aeráide agus ar fhoinsí uisce ó pheirspictíocht domhanda. Scríofa i gcomhar le Clár na Scoileanna Glasa/ na n-Éicea-scoileanna.




**Téigh i dteagmháil linn**

**Má Nuad**
Má Nuad
Co. Chill Dara
Fón: 01 505 3200
Rphost: mboyce@trocaire.ie

**Corcaigh**
9 Sráid na gCócairí,
Corcaigh
Fón: 021 427 5622
Rphost: corkinfo@trocaire.ie

**Cathair BhÁC**
12 Sráid na hArd-Eaglaise,
BÁC 1
Fón: 01 874 3875
Rphost: resources@trocaire.ie

**Béal Feirste**
50 Sráid an Rí,
Béal Feirste BT1 6AD
Fón: 028 90 808 030
Rphost: infoni@trocaire.ie



REF: E5 **Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte**


trōcaire
**Ag obair ar son na córa ar domhan.**